

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS
EOLAÍOCHTA**

ARDTEISTIMÉIREACTH

SIOLLABAS LÉANN EABHRACH

LÉANN EABHRACH

Is iad aidhmeanna an chúrsa, (i) leanúint de aidhmeanna an chúrsa Meánteistiméireachta sa Léann Eabhrach ag leibhéal is cul do riachtanais agus do chumais daltaí sinsearacha iarbhunoideachais, agus (ii) a chur ar a gcumas do mhic léinn fairsingiú a dhéanamh ar a gcuid tuisceana ar stair, ar reiligiún agus ar shibhialtacht an chine Eabhraigh trí aird a dhíriú ar bhealach níos doimhne ar mhórtéamaí a bhaineann le hinstitiúidí, le smaointe agus le ról maidir le reiligiún, de réir mar ar cuireadh in iúl agus mar ar forbraíodh iad trí chúrsa staire na nIosraeilíteach.

Faoi mar atá i gceist sa chúrsa Meánteistiméireachta, tá i gceist go saothrófar na haidhmeanna sin go príomha trí staidéar a dhéanamh ar théacsanna dualgais Eabhraise a dhiríonn aird ar mhórtéamaí. Is gá, chomh maith, staidéar a dhéanamh (sa teanga bheo) ar an gcúlra níos leithne atá ag na téacsanna agus na topaicí sin, go háirithe maidir le mionsonraí staire.

Cuirfear scrúdí faoin chúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Eabhrach ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardléibhéal araon, agus cuirfear scrúdpháipéir ar leith don Gnáthleibhéal agus don Ardléibhéal.

Leagtar síos an siollabas scrúdaithe céanna do na scrúduithe Gnáthleibhéil agus Ardléibhéil. Ar a shon sin, san áit a moltar cur chuige tuarascálach maidir leis an staidéar ar na topaicí dualgais ag an nGnáthleibhéal, éilítear cur chuige níos anailisí ag an Ardléibhéal.

Tá an siollabas roinnte ina cheithre ranna, A, B, C agus D, a gclúdaíonn gach ceann ar leith díobh dhá mhórtéamaí as stair na nIosraeilíteach. Is iad seo a leanas na téacsanna dualgais don staidéar ar gach roinn ar leith:-

Roinn A

1. An Teaghlach

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chun a chur ar a chumas don mhac léinn grinnléargas a fháil ar struchtúr, ar roil, ar luachanna agus ar chuspóir an teaghlach, de réir mar a chonacthas iad do na hEabhraigh le linn forbairt an chine i rith na tréimshe Bioblai agus iarBhíoblaí.

An tSeantiomna: Gein. 2.18; 15.1-5; 21.1-8; 24.1-27; 61-67;
Eax. 20.1-17; Deot 24.1-4; 25.5-10; Rút 4. Sm 128;
Sean 31.10-31.

Mishnah: Ta' Anit 4m.8; Av 5m. 21 (an chéad leath); Peah 1m.1.

2. Rialtas agus Monarcacht

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chun tuiscint a sholáthar don mhac léinn ar - (a) áit na Monarcachta sa tsochaí Iosraeilíteach, agus na cúrsaí teannais agus na coinbhleachtaí a d'eirigh dá cionn; (b) an bonn reiligiúnach a tuigeadh ó chreideamh na nEabhrach a bheith le hinstitiúid na monarcachta.

An tSeantiomna: Gein. 42.12-27; Deot 17.14-20; Breith 9.1-21;
1. Sam 8:24; 2 Sam 15.1-16; 1 Rithe 1.15-53

Mishnah Av 3m.2 (an chéad leath); Sot m.8; Sonh 2m.3.

Roinn B

1. Agóid na bhFáidh

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chun tuiscint a chur ar fáil don mhac léinn – (a) ar ról agus ar áit an fháidh maidir leis an gceannasaíocht agus maidir leis an bpobalslua araon; (b) ar nádúr agus ar shubstaint agóidíocht na bhfáidh faoi mar a leanadh de sa luath-thréimhse iar Bhíoblach.

An tSeantiomna: 2 Sam. 12.1-25; 1 Rithe 18.17-39; 21: Amós 5.4-24;
Is 58; Ir 1: 22.11-19.

Mishnah: Av 1m.2, 10, 18; 2m 3: 5m. 17:6 m.5.

2. Eagna

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chun tuiscint a chur ar fáil don mhac léinn – (a) ar an gcomhthéacs agus an cúlra atá le teagasc na heagna; (b) ar na luachanna agus na smaointe a f'haightear i litríocht na heagna, agus mar ar cuireadh in iúl agus ar forbaíodh iad sa luath-thréimhse iarBhíoblach.

An tSeantiomna: Sean 2.1-8; 24.13-34; Eag. 3.1-15: 12.

Mishnah: Av 1m. 12, 14; 2m.5, 12; 3m.18; 4m.1, 2; 6m.5.

Léitheoireacht bhreise a mholtar, ach nach ábhar dualgais í –

An tSeantiomna Jób: 1 Rithe 3.5-14; 4.29-34 (sa leagan Béarla);
5.9-14.

Mishnah: Ber 9m.5.

Roinn C

1. Adhradh (Iobairt agus Urnaí)

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chur tuiscint a chur ar fáil don mhac léinn – (a) ar ról agus ar fhorbairt an adhartha i measc na nEabhrach; (b) ar áit na híobartha agus an liotúirge; (c) ar shuíomh an Teampaill; (d) ar ról na Sagartachta agus na Leivíteach.

An tSeantíomna: Uimh 6.22-27; Deot. 6.4-9; 12.11-19; 1 Rithe 8.1-21; Sm 20; 24; 122; 134.

Mishnah: Sot 7m.6; Ber 1m.3; 4m.1, 2, 3, 4, 5, 6; 5m, 1, 2, 3, 5; Av 2m. 13; Tamid 6m. 4.

2. Féilte agus Siombailí

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chun a chur ar fáil don mhac léinn (a) eolas ar fhoirm agus ar shubstaint na bhFéilte i saoi na nEeabhrach, idir Bhíoblach agus iarBhíoblach luath; (b) tuiscint ar fhoirm, ar shubstaint agus ar shainchiall na siombailí reiligiúnacha a bhfuil oiread sán suntas ag gabháil leo i saol an chine lúdaigh i gcomhthéacs an fhéilire agus an tsaoil laethiúil araon.

An tSeantíomna: Eax 12; 13.1-16; Leiv 23; Iós 5.4-12 (Cáisc); 1 Sam 20.18-42 (Gealach Nua); 1 Rithe 8.55-66 (Tab); 2 Rithe 23.21-25 (Cáisc); Neh 8.3-18 (Tab) 1 Mac 4.52-59, Uimh 15.37-41; Deot 6.4-9; 11.13-31

Mishnah: Sukkah 1m.,1: 3m.4; Pesachim 10m.1, 5; Bikkur 1m. 3m.3, 6; Yoma 6m.2; 8m.1, 9; Rosh Hashannah 4m.8, 9; Megillah 1m.8; 3m.6; (Pu. & Ch).

Roinn D

1. Roghnú agus Cúnant

Tá na téacsanna sa roinn seo ceaptha chun a chur ar a chumas don mhac léinn tuiscint a fháil ar cé mar a bhaintear feidhm as idé an chúnaint chun an gaol idir an pobal agus Dia a shainmhíniú.

An tSeantíomna Gein 15.7-21; Eax 19.1-8; Deot 26.5-9; 16-19; 29.9-28; 30.19-20; Iós 24.1-28; 1 Sam 12.7-25; 2 Sam 7; 2 Rithe 23.1-8; Ir 31.31-34; Neh 9-16.1 (9 sa leagan Béarla)

Mishnah: Av 1 m.1; 3m.15; Ta'Anit 2m.4

2. Meisiasachas

Tá na téacsann sa chuid seo ceaptha chun a chur ar a chumas don mhac léinn – (a) nádúr an Mheisiasachais a bhrath mar ar cuireadh in iúl é tríd an litríocht Bhíoblach agus iarBhíoblach luath; (b) an smaoineamh a thuiscint i gcoibhneas leis an gcúinse stairiúil a chothaigh é.

An tSeantíomna: Deot 30.1-10; Is 11.1-10; 40.1-11; 54; Ir 31.1-20;
32.6-15; 36-44; Ezek 37; Micah 4.1-5; Mal 3.19-24;
Zach 9.9-17; Sm 20.

Mishnah: Ber 1m.5; Scot 9m.15.

Scrúpháipéar Gnáthleibhéil

Beidh ceithre roinn sa pháipéar seo ag freagairt do cheithre ranna an tsiollabais. Beidh iomlán 400 marc ag dul do, 100 marc do gach roinn ar leith. Is é 3 uair an chloig an t-am a lamhálfar dó.

I ngach roinn ar leith den pháipéar bhéarfad dhá shlíocht as an téacs dualgais Eabhraise, ceann amháin ag baint le gach ceann ar leith den dá thopaic sa roinn den siollabas a fhreagraíonn dó. Cuirfear grúpa ceisteanna (a bhféadfadh ceist ar ghramadach na hEabhraise a bheith orthu) ar gach slíocht ar leith. Éileoidh na ceisteanna tuiscint shásúil ar an slíocht a thugtar chomh maith le heolas ar an gcúlra fairsing atá leis na teagmhais agus an sainchúrsaí a luaitear sa slíocht, go háirithe maidir le na sonraí stairiúla. Ní ceadmhach do na hiarrthóirí deighléail ach le slíocht amháin i ngach roinn.

Comhairlítear d'iarrthóirí tacú lena gcaid freagraí trí athfhriotail cuí nó trí thagairt chuí, pé uair is féidir sin. Beidh sé ina bhuntáiste acu má thugann siad athfhriotail san Eabhrais, agus má thugann siad aistriú ar na hathfhriotail a thugtar. Ba chóir an script chearnogach a úsáid.

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí go mba choir go léireodh a gcuid freagraí ar na ceisteanna go léir a dtugann siad fúthu go bhfuil tuiscint acu ar na sainchúrsaí a mhusclaítear sna ceisteanna, agus nár chóir dóibh dlúthú an iomad nó go leithleasach ar athrá simplí ar nótaí atá curtha de ghlanmheabhair.

Scrúpháipéar Ardleibhéil

Beidh an fhormaid agus an ionachair chéanna sa pháipéar seo is a bheidh sa Pháipéar Gnáthleibhéil, *ach amháin* go mbeidh difríocht idir ceist amháin ar gach ceann ar leith de na topaicí dualgais agus na ceisteanna a chuirfear ar na topaicí a fhreagraíonn dóibh sa Pháipéar Gnáthleibhéil.

Beifear ag siúil le caighdeán níos airde sna freagraí go ginearálta sa pháipéar seo ná sa pháipéar Gnáthleibhéal, agus beifear ag siúil go mbéarfaidh na hiarrthóirí fianaise de leibhéal níos doimhne tuisceana anailísí faoi na téacsanna agus na topaicí a ndearnadh staidéar orthu.